

# TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 37

## CÓRAS ÉARLAISÍ

Oibríonn an coincheap a bhaineann le córas éarlaisí go maith mar chuid de Chóras Duaiseanna Aonair nó Ranga. Oibríonn sé díreach faoi mar a bheifeá ag bailiú stampaí le haghaidh lampa / taisceadáin / saoire ag d'ollmhargadh áitiúil - nuair a bheidh do chárta lán féadfaidh tú é a chur isteach agus táirge nó seirbhís a fháil air nach mbeadh ar fáil murach a bhfuil bailithe agat. Ar an gcaoi chéanna sa seomra ranga is féidir córas duaiseanna a bhunú áit a bhfaighidh daltaí éarlaisí nuair a bheidh dea-iompar ar bun acu, agus nuair a bheidh líon áirithe éarlaisí cruinnithe acu féadfaidh siad iad 'a shóinseáil' agus duais a fháil ina n-áit. Is féidir réaltaí, greamáin, pointí / creidmheasanna nó aon siombail eile a úsáid le haghaidh na n-éarlaisí, rud éigin a bhfuil brí agus spreagadh ag baint leis i gcás an dalta (m.sh. greamán peile, straoiseog, tic srl). Mar is gnáth, roghnaigh an cineál éarlaise atá oiriúnach d'aois agus do chumas an dalta nó an ranga.

Is féidir córas éarlaisí a úsáid do dhalta amháin sa rang nó do na daltaí go léir sa rang. Má bhíonn na daltaí go léir páirteach is féidir an scéim a riar le cártaí beaga cosúil le cártaí poist a chruthú do gach dalta lena n-ainm agus eangach / fráma faoin ainm (féach thíos). Gach uair a bhíonn dea-iompar ar siúl, tugtar éarlais eile don dalta le cur ar a c(h)árta. Nuair a bhíonn an cárta líonta isteach, féadfaidh daltaí an cárta a thabhairt don mhúinteoir chun duais a fháil air. Ba chóir go mbeadh na cineálacha duaiseanna soiléir do na daltaí roimh ré ionas go dtuigfidh siad cad atá le baint amach acu. D'fhéadfadh na rudaí seo a bheith i gceist mar dhuaiseanna: milseán / súracáin, tréimhse ar an ríomhaire nó ag imirt púil, nó rogha gníomhaíochta don dalta, cárta a scaoileann dalta saor ó obair bhaile, srl. Ansin gheobhaidh an dalta cárta nua agus tosaíonn sé arís.

Tá sé tábhachtach a bheith ag spreagadh na ndaltaí ionas go mbeidh a fhios ag na daltaí nár 'shóinseáil' a gcuid cártaí fós go dtiocfaidh a n-am go luath. Má chailleann dalta éarlais ag deireadh an lae nó ag deireadh gníomhaíochta áirithe, mínigh agus spreag iad m.sh. "A Sheosaimh, ní fhéadfainn réalta a thabhairt duit anois mar gheall... ach beidh mé ag féachaint go cúramach amárach / tar éis an tsosa go bhfeicfidh mé an mbeidh mé in ann ceann a thabhairt duit. An ndéanfaidh tú do dhícheall cabhrú liom?"

Is féidir córas éarlaisí don rang uile a chur ar bun freisin - áit a n-oibríonn na daltaí go léir le chéile chun an líon éarlaisí a theastaíonn a bhailiú ionas go bhfaighidh siad só ranga m.sh. a dhul chuig an bpáirc, chuig an bpictiúrlann. Is é an rud a fhoghlaimoidh na daltaí anseo gur cheart dóibh oibriú le chéile seachas in iomaíocht lena chéile chun teacht ar líon na n-éarlaisí is mian leo a fháil. Féadfar éarlaisí a roinnt ar dhaoine aonair, nó ceann a thabhairt don rang ar fad nuair a bheidh iompar cuí ar siúl ag an rang ar fad.

AINM: Séamus			
★	★	★	★
★	★	★	★
★	★	★	★

AINM: Melissa				
?	?	?	?	?
?	?	?	?	?
?	?	?	?	?

Tuilleadh eolais: <http://www.polyxo.com/visualsupport/tokeneconomies.html>  
<http://www.behavioradvisor.com/Tokens.html>

